

TÉAMA 4: AN AIDBHINT AGUS AN NOLLAIG | CEACHT 1

Zachairias agus Eiliosaibeit

MAIDIR LEIS AN AIDBHINT

Ceann de na rudaí is luachmhaire atá againn inár saol ná bronntanas an ama. Is tréimhse speisialta í an Aidbhint i bhféilire na hEaglaise. Cuireann an Aidbhint tús le Bliain Liotúirgeach na hEaglaise - tréimhse ceithre seachtaine, a chríochnaíonn Lá Nollag, nuair a cheiliúraimid breith Íosa.

I rith na hAidbhinte, ullmhaímid chun an ócáid iontach seo a cheiliúradh. Is am dóchais í agus is am chun urnaí a dhéanamh í agus sinn ag feitheamh le fáilte a chur roimh Chríost arís inár gcroí agus inár saol. I rith na hAidbhinte cuimhnímid freisin, gur fhan Muire le breith a Mic, Íosa, agus go raibh ar Eiliosaibeit agus Zachairias feitheamh go gcuirfí plean Dé i gcrích.

FAIGHEANN ZACHAIRIAS AGUS EILIOSAIBEIT DEAS-CÉALA

Le linn shéasúr na hAidbhinte, tugaimid an lánúin aosta, Zachairias agus Eiliosaibeit, chun cuimhne – bhí siad ag feitheamh go foighneach go gcuirfí plean Dé i gcrích. Sagart sa Teampall ba ea Zachairias agus col ceathrar le Muire ba ea Eiliosaibeit. Ní raibh clann ar bith acu. Lá amháin nuair a bhí tuis á dhó ag Zachairias ag an altóir, tháinig aingeal ina láthair. Seo an scéal:

Breith Eoin Baiste á Réamhinsint (Lúcás 1:8-18)

Tharla, agus é ag déanamh a ghnó sagairt i láthair Dé,... dul isteach i sanctóir an Tiarna chun tuis a dhó; agus bhí cuallacht iomlán an phobail amuigh ag guí in am na túise. Chonacthas dó aingeal ón Tiarna ina sheasamh ar dheis altóir na túise. Agus nuair a chonaic Zachairias é, bhí sé buartha agus tháinig uamhan air. Ach dúirt an t-aingeal leis: “Ná bíodh eagla ort, a Zachairias, óir tá éiste le do ghúí, agus béarfaidh do bhean Eiliosaibeit mac duit, agus tabharfaidh tú Eoin mar ainm air. Beidh áthas ort agus gairdeas, agus beidh mórán ag déanamh áthais faoina shaolú. Óir beidh sé mór i láthair an Tiarna; ... agus beidh sé líonta den Spiorad Naomh fiú amháin ó bhroinn a mháthar, agus iompóidh sé mórán de chlann Iosrael chun an Tiarna a nDia. Gluaisfidh sé roimhe amach le spiorad agus le cumhacht Éilias, chun croíthe na n-aithreacha a iompú i leith na clainne, agus lucht na heasumhla chun eagna na bhfíreán, chun pobal a dhiongbhála a ullmhú don Tiarna.” Agus dúirt Zachairias leis an aingeal: “Conas a bheidh a fhios sin agam? Óir táim féin aosta, agus mo bhean anonn i mblianta.”

AN TSEACHTAIN SEO AR SCOIL

Cuireadh chun smaoineamh ar:

- Scéal Zachairias agus Eiliosaibeit
- An freagra a thug Muire ar an aingeal Gaibriél
- Comhrá samhlaíoch idir Zachairias agus Muire
- Buíochas a ghabháil le Dia as an lúcháir agus as dea-scéala


EOCHAIRFHOCAIL


Liotúirge: Urnaí phoiblí na hEaglaise.

An Bhliain Liotúirgeach: An t-ainm atá ar na séasúir a cheiliúrtar i bhféilire na hEaglaise.

An Aidbhint: An chéad séasúr sa Bhliain Liotúirgeach. Is í an chiall a bhaineann leis an bhfocal ‘Aidbhint’ ná ‘teacht’. Cuireann an Aidbhint tús le Bliain Liotúirgeach na hEaglaise - tréimhse ceithre seachtaine, a chríochnaíonn Lá Nollag, nuair a cheiliúraimid breith Íosa.

Giolla: Duine a chuireann é/í féin i seirbhís duine eile. Sa Bhíobla, ciallaíonn ‘Giolla Dé’ duine atá tiomanta go hiomlán do thoil Dé a leanúint trí shaol grámhar a chaitheamh.





LE MEABHRÚ

'Óir níl ní ar bith dodhéanta ag Dia.' (Lúcás 1:37)

Dúirt an t-aingeal leis á fhreagairt: "Mise Gaibriél a sheasann i láthair Dé, agus cuireadh mé chun labhartha leat, agus na dea-scéala seo a thabhairt duit. Agus féach, beidh tú i do thost, agus gan ar chumas duit labhairt go dtí an lá a ndéanfar na nithe seo, de bhrí nár chreid tú mo bhriathra a chomhlíonfar ina dtráth féin."

Bhí an pobal ag feitheamh le Zachairias agus ba ionadh leo é bheith ag déanamh moille sa sanctóir. Ach ar theacht amach dó, ní fhéadfadh sé labhairt leo, agus bhí a fhios acu go raibh fíis feicthe sa sanctóir aige. Agus bhí sé ag sméideadh orthu, agus d'fhan balbh.

Agus ina dhiaidh sin, ghabh a bhean, Eiliosaibeit, gin...
(Lúcás 1:19-22, 24)

PLÉIGÍ

- Cén chaoi ar chuir Zachairias an teachtaireacht in iúl d'Eiliosaibeit nuair a chuaigh sé abhaile an lá sin, dar leat?
- Sé mhí ina dhiaidh sin, tháinig an t-aingeal Gaibriél i láthair Mhuire. Cén teachtaireacht a thug an t-aingeal Gaibriél di?

GNÍOMHAÍOCHT

Dúirt an t-aingeal le Muire go raibh a col ceathrar Eiliosaibeit ag iompar clainne freisin. Mar sin, chuaigh Muire ar cuairt chuig Eiliosaibeit.

- Samhlaigh an comhrá a d'fhéadfadh a bheith ann idir Muire agus Zachairias. Le dalta eile, déan aithris ar an gcomhrá sin.



AN tSEACHTAIN SEO

Bhí na páistí ag caint faoin Aidbhint, an séasúr nuair a bhímid ag ullmhú chun breith Íosa a cheiliúradh agus chun fáilte a chur roimhe inár gcroí. Bímid ag tnúth le dara teacht Chríost ag críoch na n-aoiseanna. Chuala na páistí an scéal faoi Zachairias agus Eiliosaibeit, an lánúin aosta a ghuigh chuig an Tiarna go mbeadh leanbh acu, agus gur fhreagair Dia a n-urnaí. Phléigh siad freisin conas a d'fhreagair Muire glaoch Dé - a bheith ina máthair ag Íosa. D'fhan Muire, Iósaef, Eiliosaibeit agus Zachairias go foighneach le breith a mac. Na scéalta seo ón Scríoptúr Naofa, cuireann siad in iúl dúinn go dtagann toil Dé i gcrích in am Dé, agus uaireanta nach mór dúinne fanacht, freisin!

Léigí an dán 'Oíche Nollag' le chéile.

Oíche Nollag

Oíche Nollag, léigh mo mháthair
An scéal dom uair arís
Faoin gcaoi ar rugadh an leanbh beag
Agus na Saoithe a lean an fhís.

Agus conas, trí réalta a leanúint
A tháinig siad Air ina luí.
Cuimhnímid Lá Nollag
Ar an stábla, agus an Triúr Saoi'.

D'éist mé go grinn leis an scéal,
I mo shuí ar mo sháimhín só
Agus smaoinigh mé ar theacht Íosa
I mBeithil fadó, fadó.

D'fhéach mé uaim san Oirthear,
Ar na réaltaí geala sna flaithis;
Bhí triúr ag taisteal an bhóthair
Iad dubh i gcoinne an tsolais.

Shíl mé gur chuala mé aingil
Ag canadh don leanbh faoi shuan...
Níor chuala mé fuaim anála
Bhí an domhan ar fad go ciúin.

Ba chosúil gur tháinig an leanbh
Ar an saol seo chugainn arís...
In aice liom ... ANSIN ar bhealach
Bhí sé ANN ... gan gá le FÍS.

ARBH EOL DUIT?

Tá beirt sa Bhíobla a bhfuil a n-ainmneacha cosúil le chéile: Zachairias fear céile Eiliosaibeit, agus fáidh sa tSean-Tiomna darbh ainm Zacairiá.

AGA LE CHÉILE**Bígí ag caint**

Maidir le Fleasc na hAidbhinte a bheith agaibh sa teach i rith na hAidbhinte.

Roinn

Roinn do chuid cuimhní deasa faoi bhreith do pháiste nó faoi bhreith eile i do theaghlach. Samhlaigh an t-áthas a bhí ar Eiliosaibeit agus Zachairias nuair a dúradh leo go mbeadh leanbh acu. Cuimhnímid ar an am a tháinig an t-aingeal Gaibriéil i láthair Mhuire gach uair a ghuímid *Fáilte an Aingil*. Samhlaigh conas mar a bhraith Muire agus Íosa, Mac Dé, á thabhairt ar an saol aici.

Cuireadh chun guí

Guígí *Fáilte an Aingil* le chéile.

Bí Socair

Nuair a chloiseann tú clog an Aingil, bíodh áthas i do chroí agat.



AN TSEACHTAIN SEO AR SCOIL

Cuireadh chun smaoiniamh ar:

- Na scéalta go léir sa Bhíobla a insíonn faoi na himeachtaí a bhaineann le breith Íosa
- Buíochas a ghabháil le Dia as bronntanas an áthais agus na heagna
- Bealaí inar féidir leat bheith fáilteach agus seirbhís a thabhairt do dhaoine eile

EOCHAIRFHOCAIL

An Eipeafáine: Ceiliúrtar an lá fhéile seo ar an lá deiridh de shéasúr na Nollag, an 6 Eanáir. Ar an lá seo, smaoinimid ar chuairt an Triúr Saoithe ar an stábla i mBeithil. Tugtar Nollaig na mBan ar an bhféile seo in Éirinn. Lá Saoire Fógartha Eaglaise atá san Eipeafáine.

Laethanta Saoire Fógartha Eaglaise: In Éirinn, tá sé Lá Saoire Fógartha Eaglaise eile ann:

- Breith ár dTiarna (25 Nollaig)
- An Eipeafáine (6 Eanáir)
- Lá Fhéile Pádraig (17 Márta)
- Deastógáil na Maighdine Beannaithe Muire (15 Lúnasa)
- Na Naoimh Uile (1 Samhain)
- Giniúint gan Smál na Maighdine Beannaithe Muire (8 Nollaig)

Iarrann an Eaglais Chaitliceach ar bhail na hEaglaise freastal ar Aifreann ar Laethanta Saoire Fógartha Eaglaise.

Mairtíreach: Duine a chuirtear chun báis ar son a chreidimh.

TÉAMA 4: AN AIDBHINT AGUS AN NOLLAIG | CEACHT 2

An Eipeafáine

MAIDIR LE SOLAS CHRÍOST

I rith laethanta dorcha an gheimhridh bímid ag fanacht leis an solas a thugann Críost dúinn um Nollaig. Bíonn na coinnle ar lasadh go geal ar Fhleasc na hAidbhinte, bíonn na maisiúcháin ag lonradh ar na crainn Nollag, agus cuimhnimid ar an réalta a threoraigh an Triúr Saoithe go Beithil. Is ansin a bhraith siad solas ghrá Dé, nuair a rugadh a Mhac, Íosa.

Le blianta fada, rinne go leor daoine iarracht solas Chríost a thabhairt chuig daoine eile. Ba dhuine de na daoine sin í Naomh Laoiseach.

Scéal Naomh Laoiseach

Rugadh Naomh Laoiseach (ar a dtugtar Naomh Lucia freisin) (c. 283-304) i Sioracús sa tSicil, oileán ar chósta theas na hIodáile. Ré Impireacht na Róimhe a bhí ann ag an am, agus bhí an saol deacair do Chríostaithe. Bhíodh saighdiúirí Rómhánacha ar na sráideanna réidh le Críostaithe a chiapadh, a ghabháil nó a mharú.

Críostaí cráifeach ba ea Laoiseach agus thug a creideamh misneach di. Chonaic daoine í ag tabhairt aráin do Chríostaithe a raibh ocras orthu, agus a bhí i bhfolach faoi thalamh, sna catacóim. Dúradh leis na húdaráis an méid a bhí á dhéanamh ag Laoiseach; níor dhiúltaigh sí a creideamh Críostaí, agus mar sin cuireadh chun báis í. Mairtíreach atá inti.

Mar sin féin, ní dhearnadh dearmad ar an mbean chróga seo. Tar éis a báis, rinneadh naomh di. Déanann

daoine ar fud an domhain cuimhneamh ar Naomh Laoiseach fós. Siombail de sholas Chríost, i dtréimhse na heagla agus an dorchadais, atá inti. Éarlaimh na súl, foinse solais an choirp, atá inti freisin. Is minic a iarrann daoine le fadhbanna súl cabhair ar Naomh Laoiseach.



Naomh Laoiseach le Artemisia Gentileschi (c. 1642-4)

MAIDIR LEIS AN EIPEAFÁINE

Cuimhníonn an Eaglais ar chuairt an Triúr Saoithe chuig an leanbh Íosa sa stábla i mBeithil ar fhéile na hEipeafáine, a cheiliúrtar ar an 6 Eanáir. Lean an Triúr Saoithe réalta, a thug go dtí an stábla iad. D'aithin siad gurb é Íosa Mac Dé, agus d'umhlaigh siad go talamh ag déanamh ómóis dó. Seo an scéal ón Soiscéal de réir Mhatha:

Cuairteoirí ón Oirthear (Matha 2:1-12)

Nuair a bhí Íosa saolaithe i mBeithil Iúdáia in aimsir Héaróid rí, tháinig saoithe ón aird thoir go dtí Iarúsailéim ag fiafraí: “Cá bhfuil an leanbh seo atá saolaithe, Rí na nGiúdach? Mar chonaiceamar a réalta ag éirí, agus tháingamar ag déanamh ómóis dó.”

Nuair a chuala Héaróid rí an méid sin, bhí sé corraithe, agus Iarúsailéim go léir mar an gcéanna. Thionóil sé le chéile uachtaráin na sagart agus scríobhaithe an phobail, agus d'fhiafraigh díobh cén áit a raibh an Críost le saolú.

D'inis siad dó: “I mBeithil Iúdáia: óir sin é atá sa scríbhinn ón bhfaidh:

‘Thusa, a Bheithil, i dtalamh Iúdá,
níl tú baol ar an té is lú i measc
prionsaí Iúdá,
óir is asat a thiocfaidh ceann urra
a bheidh ina aoire ar mo
phobalsa, Iosrael.’”

Ansin chuir Héaróid fios ar na saoithe os íseal agus fuair tuairisc uathu ar an am a bhfacthas an réalta. Chuir sé go Beithil iad ansin agus dúirt: “Imígí agus cuirigí fiafraí ghéar ar an leanbh. Nuair a bhíonn sé faighte agaibh, cuirigí scéala chugam chun go rachainn féin ann ag déanamh ómóis dó.”

Nuair a chuala siad caint an rí, d'imigh siad leo. Agus an réalta, a bhí feicthe acu roimhe sin ag éirí, ghluais sí rompu go dtí gur stad sí os cionn na háite ina raibh an leanbh. Nuair a chonaic siad an réalta, bhí áthas an-mhór orthu. Agus ar dhul isteach sa teach dóibh, chonaic siad an leanbh le Muire a mháthair, agus d'umhlaigh siad go talamh ag déanamh ómóis dó. Agus d'oscail siad a gcistí agus d'ofráil siad tabhartais dó, ór agus tuis agus miorra.

Agus ó fuair siad foilsíú i mbrionglóid gan dul ar ais go dtí Héaróid, ghabh siad bóthar eile abhaile chun a dtíre féin.



LE MEABHRÚ

[Nuair a] chonaic siad an leanbh le Muire a mháthair, d'umhlaigh siad go talamh ag déanamh ómóis dó. (Matha 2:11)

ARBH EOL DUIT?

Tagann an focal ‘Eanáir’ ó fhocal i Laidin a chiallaíonn ‘doras’. Sean-nós atá ann doirse a bheannú tráth na hEipeafáine (6 Eanáir) – chun a chur i gcuimhne dúinn fáilte a chur roimh dhaoine agus aíonna nua le linn na bliana amach romhainn. Scríobhann roinnt daoine an dáta agus na litreacha CMB thar an doras freisin. Is iad seo tús litreacha ainmneacha traidisiúnta an Triúr Saoithe: Caspar, Meilcíór agus Baltazár.

AGA LE CHÉILE

Bígí ag caint

Faoi fhéile na hEipeafáine agus traidisiún Nollaig na mBan. Roinn na scéalta Nollag is fearr leat ón mBíobla.

Cuimhnigh

Strainséirí i mBeithil ab ea Muire agus Iósaef. Bhí siad i bhfad ó bhaile, ó Nazarat. Labhair faoin tábhacht a bhaineann le fáilte a chur roimh dhaoine nua inár dtithe agus inár dtír.

Cuireadh chun guí

A Dhia ghrámhair, líon sinn leis an sonas agus an áthas céanna a bhraith an Triúr Saoithe, nuair a d’aithin siad an leanbh Íosa mar Mhac Dé. Iarraimid é seo trí Íosa Críost ár dTiarna. Áiméan.

Freastal

Bí toilteanach ligean do pháiste freastail ort ar Nollaig na mBan.

AN TSEACHTAIN SEO

Chuala na páistí an scéal faoin Triúr Saoithe agus an chaoi ar lean siad an réalta go dtí an áit inar rugadh Íosa. D’aithin na Saoithe Íosa mar Mhac Dé agus d’umhlaigh siad go talamh ag déanamh ómóis dó.

Chuala na páistí faoi Naomh Laoiseach, a thug solas Chríost isteach i saol na ndaoine trína gníomhartha agus a flaithiúlacht. Cabhraíonn Íosa linn, sa lá atá inniu ann, solas a ghrá a thabhairt ar fud an domhain.

Guígí an machnamh seo le chéile:

A Dhia ghrámhair, líon ár gcroí le cairdeas. Cabhraigh linn fáilte a chur roimh gach duine. Líon sinn le heagna chun solas Chríost a leanúint i gcónaí agus a bheith mar Íosa - inniu, amárach agus i rith na bliana. Iarraimid é seo trí Íosa Críost ár dTiarna. Áiméan.

